



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais
Do na Trí Mhí Dar Críoch an
31 Nollaig 2015



www.sportireland.ie

Misean Spórt Éireann

“Forbairt inbhuanaithe an spóirt iomaíoch agus áineasa in Éirinn a phleanáil, a stiúradh agus a chomhordú agus Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann a fhorbairt, a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil.”

Fís Spórt Éireann

Is é an fhís atá ag Spórt Éireann go rannchuidíonn an spórt le cáilíocht na beatha in Éirinn a fheabhsú agus:

- Go spreagtar gach duine a ghlacann páirt sa spórt agus go dtugtar meas orthu
- Go bhféachann daoine óga ar rannpháirtíocht sa spórt mar chuid dhílis thaitneamhach dá saol gnóthach
- Gur féidir le daoine aonair a gcumas spóirt a fhorbairt agus cur leis an taitneamh a bhaineann siad as an spórt, áit a bhfuil an tallann agus an tiomantas atá acu ar an aon teorainn amháin
- Go mbaineann fir agus mná spóirt Éireannacha feidhmíocht den chéad scoth amach go seasta agus go cothrom
- Go mbíonn rath ar Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, rud a théann chun tairbhe do chomhlachtaí spóirt, do scoth-lúthchleasaithe, d'údaráis riaracháin spóirt agus don phobal i gcoitinne



Clár Ábhar

04	Ráiteas an Chathaoirligh
05	Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Struchtúr Spórt Éireann

06	Bord Spórt Éireann
08	Baill Foirne Spórt Éireann
08	Forbheathnú ar Choistí Spórt Éireann

Forbheathnú ar Fheidhmíocht 2015

11	An tAonad Ardfeidhmíochta
13	Institiúid Spórt Éireann
14	Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann
16	Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann
19	Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
21	Forbairt agus Athrú Eagraíochta
23	Aonad Frithdhópála Spórt Éireann
25	Aonad Cóitseála Spórt Éireann
27	Aonad Conairí Spórt Éireann
29	Gníomhaíocht Chorporáideach
33	Aguisíní
61	Ráitis Airgeadais

Ráiteas an Chathaoirligh



An tUas. Kieran Mulvey
Cathaoirleach

Cuireadh Spórt Éireann, an Ghníomhaireacht Reachtúil nua don spórt in Éirinn, ar bun an 1 Deireadh Fómhair 2015. Tugann sé Comhairle Spóirt na hÉireann, Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt, Institiúid Spóirt na hÉireann agus Cóitseáil Éireann le chéile ina gcomhlacht cuíchóirithe dinimiciúil nua amháin a bhfuil de dhualgas air todhcháí spóirt na hÉireann a bhrú chun cinn. Beart dearfach do spórt na hÉireann is ea bunú Spórt Éireann. Is gníomhaireacht dheastruchtúrtha aonair é atá dírithe ar fhorbairt leanúnach spóirt na hÉireann a chothú.

Tá na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt fós ina gcuid lárnach den obair a dhéanann Spórt Éireann chun an spórt a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na tíre agus imríonn ár líonra náisiúnta Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ról rithábachtach maidir lenár spriocanna rannpháirtíochta a ghnóthú.

Léiríonn rath leanúnach lúthchleasaithe Éireannacha ar an ardán domhanda go bhfuilimid sa tréimhse mharthanach is rathúla i stair an spóirt ardfheidhmíochta in Éirinn. D'éirigh go geal lenár lúthchleasaithe arís eile sa bhliain 2015 agus bhain siad a lán éachtaí suntasacha a chuir bród orainn amach lena linn.

Is í Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann an bhunchloch don rath sin ar fad. Nithe a buntacaíodh leis an Straitéis ba ea cur chun feidhme rathúil na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú neamhspleách a rinneadh ar ár bhfeidhmíocht sna Cluichí Oilimpeacha i Londain sa bhliain 2012 agus an dara céim rathúil de riar na Scéime Cardála Idirnáisiúnta a aistriú chuig Badmantan Éireann, chuig Rothaíocht Éireann, chuig Rámhaíocht Éireann agus chuig Trí-atlan Éireann.

Táimid tiomanta don spórt ardfheidhmíochta. Trí thacaí, daoine agus córais den chéad scoth a sholáthar ag Institiúid Spórt Éireann, soláthraíonn Spórt Éireann do lúthchleasaithe agus cóitseálaithe ardfheidhmíochta an timpeallacht a theastaíonn uathu chun feidhmiú ar an ardán domhanda.

Tá tógáil Ionad Traenála Ardfheidhmíochta na hInstitiúide ina forbairt an-tábhachtach do spórt na hÉireann agus dár lúthchleasaithe Ardfheidhmíochta, a mbeidh saoráidí traenála den chéad scoth ar leac an dorais acu nuair a bheidh an tIonad réidh. Tá an infheistíocht ón Rialtas sa tionscadal seo ina léiriú ar a thábhachtaí atá sé saoráidí agus tacaí cuí a bheith i bhfeidhm againn chun cabhrú lenár bhfir spóirt agus lenár mná spóirt araon barr a gcumais a bhaint amach.

Bliain chorrathach don spórt a bheidh sa bhliain 2016, agus na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha ar siúl lena linn, agus ba mhaith liom gach rath a ghuí ar na lúthchleasaithe uile a rachaidh san iomaíocht iontu. Is an-mhór ag Spórt Éireann an tacaíocht a fuaireamar sa bhliain 2015 ón Aire Paschal Donohoe agus ón Aire Michael Ring, agus iad ag cumasú dúinn cloí leis an misean atá againn caighdeán a fheabhsú sa spórt ardfheidhmíochta agus rátáí rannpháirtíochta a mhéadú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas agus ómós a thabhairt do Choiste Feidhmiúcháin Spórt Éireann, do mo chomhghleacaithe ar an mBord agus do na Comhaltaí Coiste. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le hArd-Rúnaí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus lena chuid ball foirne as an gcúnamh agus an tacaíocht leanúnach a thugann siad dúinn.

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



John Treacy
Príomhfheidhmeannach

Is é seo an chéad tuarascáil bhliantúil ó Spórt Éireann don tréimhse trí mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na príomhghnéithe den obair a dhéanann Spórt Éireann, lena n-áirítear na nithe seo a leanas;

- an líon daoine a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil
- ardfheidhmíocht a chothú trína chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht na hÉireann sa scothspórt idirnáisiúnta
- acmhainneacht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a mhéadú
- leanúint leis an gCampas Náisiúnta Spóirt a fhorbairt

Cuireann Spórt Éireann béim ar leith ar a chinntiú go mbeidh an spórt forásach agus go meallfaidh sé rannpháirtithe ó gach cuid d'Éirinn, ó gach aoisghrúpa agus ó gach cúlra sóisialta. Tá sé sin ar cheann de na príonsabail bhunúsacha atá ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, a fhéachann le deireadh a chur le haon bhacainn a choisceann rannpháirtíocht sa spórt.

Tá ról tábhachtach le himirt ag an spórt maidir le leibhéal ghníomhaíochta fhisiciúla a mhéadú laistigh den daonra agus, ar an mbealach sin, déanann sé rannchuidiú mór le sláinte an náisiúin. Bhain ballraíocht an leibhéil is airde riamh amach ar fud na hearnála spóirt le linn na bliana. Thairfead Lúthchleasaíocht Éireann méadú 62% ar a ballraíocht ón mbliain 2010 i leith (go níos mó ná 50,000 ball) agus mhéadaigh ballraíocht Rothaíocht Éireann faoi 207% ón mbliain 2010 i leith (go níos mó ná 20,000 ball). Is údar misnigh dúinn iad na figiúirí atá á dtuairisciú ina lán spórt agus tá siad mar fhianaise ar éifeachtacht na gclár rannpháirtíochta atá ar bun ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

Ar an gCampas Náisiúnta Spóirt, bíonn saoráidí úrscothacha spóirt á soláthar do scoth-lúthchleasaithe in Éirinn agus bíonn taitneamhachtaí luachmhara á dtairiscint don phobal áitiúil. Cuimsíonn an Campas raon iontach saoráidí agus tá an infheistíocht ón Rialtas sa Champas ina léiriú ar a thábhachtaí atá sé saoráidí agus tacaí cuí a bheith i bhfeidhm againn chun cabhrú lenár bhfir spóirt agus lenár mná spóirt araon barr a gcumais a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Paschal Donohoe TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le Michael Ring TD, an tAire Stáit um Thurasóireacht agus Spóirt, agus le hoifigigh na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as ucht a dtacaíocht agus a dtiomantais arís eile sa bhliain 2015.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Bord agus baill foirne Spórt Éireann as an mbarr feabhais a bhaineann siad amach go leanúnach agus a gcuid dualgas á gcur i gcrích acu.

Bord Spórt Éireann



Kieran Mulvey

Tá Kieran Mulvey ina Chathaoirleach ar Spórt Éireann agus tá sé ina Phríomhfheidhmeannach ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais ón mbliain 1991 i leith. Bhí sé ina Ard-Rúnai ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, agus ar Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile roimhe seo. Thug Kieran comhairle don Aontas Eorpach agus don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ar nithe a bhaineann le bainistíocht phoiblí, le hacmhainní daonna agus le caidreamh tionsclaíoch freisin. Tá Kieran ina Chomhalta d'Institiúid Oideachais na hAlban agus sealbhaíonn sé Dochtúireacht Oinigh sa Dlí ó Ollscoil na hÉireann.



Bernard Allen

Ceapadh Bernard Allen chuig Dáil Éireann den chéad uair sa bhliain 1981 agus choinnigh sé a shuíochán ag gach olltoghchán ina dhiaidh sin go dtí go ndeachaigh sé ar scor sa bhliain 2011. Agus é ina urlabhraí binse tosaigh um Shláinte, um Leas Sóisialach, um Chomhshaoil agus Rialtas Áitiúil, um Ghnóthaí Eachtracha agus um Thurasóireacht, Spórt agus Áineas, ceapadh Bernard mar Aire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Comhshaoil le freagracht speisialta as an Óige agus an Spórt. Tá Bernard ina chomhalta d'Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann, de Bhol-Chumann na hÉireann, d'Aontas Gaif na hÉireann, de Chumann Lúthchleas Gael agus de Chumann Peile na hÉireann. Bhí Bernard ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.



Seán Benton

Tá Seán ina Chathaoirleach ar Ospidéal agus Seirbhísí Cúraim Mhuire, Crois Araird agus an Charraig Dhubh. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an mBord Oideachais agus Airgeadais agus ar Oifig na nOibreacha Poiblí roimhe seo. D'oibrigh sé mar Choimisinéir ar Oifig na nOibreacha Poiblí agus mar Stiúthóir Airgeadais ag an Roinn Sláinte freisin. Bhí Seán ina chomhalta boird d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt.



Roy Dooney

Tá Roy ina Chathaoirleach ar NSCDA Operations Company Ltd. Is Sainchomhairleoir Cumarsáide ó thaobh gairme é. Bhí Roy ina chomhalta den Ghrúpa um an Straitéis Náisiúnta Spóirt ón mbliain 1995 go dtí an bhliain 1997. Bhí sé ina Choimisinéir ar Shraith Eircom roimhe seo. Is iar-lúthchleasaí idirnáisiúnta é, a rinne ionadaíocht d'Éirinn mar reathaí ag comórtais Mharatóin, Bhóthair agus Trastíre ar leibhéal Eorpach agus Domhanda araon. Bhí sé ina chomhalta comhthofa de Bhord Lúthchleasaíocht Éireann. Bhí Roy ina chomhalta boird d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt.



Mary Dorgan

Chuaigh Mary Dorgan ar scor ón bpost mar Phríomhfheidhmeannach Cúnta ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Chuaigh sí isteach san Údarás ó Chríostal Phort Láirge, áit ar shealbhaigh sí an ról mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna. D'fhóin Mary ar a lán Bord agus coistí, lena n-áiríodh Board of Waterford Childcare Ltd, Pobal, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Comhlachas Tráchtála Phort Láirge (mar Uachtarán) agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Tá sí ina chomhalta deimhnithe d'Institiúid Idirghabhála na hÉireann. Bhí Mary ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.



Frances Kavanagh

Tá Frances Kavanagh ina Stiúthóir Sinsearach um Spórt le Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann. Bhí sí ina Stiúthóir um Spórt agus Comórtais do Chomórtais Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta sa bhliain 2003. D'fhóin sí ar a lán coistí agus bord agus í ag déanamh ionadaíocht do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta ar leibhéal Náisiúnta, Eorpach agus Idirnáisiúnta. Déanann sí cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Idirnáisiúnta um Rialacha Spóirt faoi láthair. Bhí sí ina chomhalta boird de Chónaidhm Spóirt na hÉireann agus ina hUachtarán ar an gCónaidhm roimhe seo. Bhí Frances ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.



John Maughan

Bhí John Maughan ina Bhainisteoir Peile Sinsir, a bhí i gceannas ar Fhoirne Contae Mhaigh Eo, an Chláir, Ros Comáin agus Fhear Manach. Thug sé a fhoireann chuig Cluiche Ceannais Sinsir Uile-Éireann sna blianta 1996, 1997 agus 2004. Spreag John an Clár chun Craobh Peile na Mumhan a bhuaich don dara huair sa bhliain 1992. Bhainistigh sé foireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gCorn Sigerson freisin. Shealbhaigh John an ról mar Chaptaen le hÓglaigh na hÉireann agus tá sé fostaithe mar Oifigeach Soláthair le Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi láthair. Oibríonn sé mar anailísí peile le Raidió RTÉ freisin. Bhí John ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.



Caroline Murphy

Tá Caroline ina Craoltóir agus ina Síceolaí atá i gceannas ar a Comhlacht Sainchomhairleoireachta Cumarsáide féin. Cuireann sí an clár 'It Says in the Papers' i láthair ar Morning Ireland agus tá sí ag obair i réimse an Chraolacháin Spóirt ar an Raidió agus ar an Teilifís araon le blianta fada anuas. Bhí sí ina chomhalta d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt agus rinne sí ionadaíocht don Údarás ar Choiste Ardheidhmíochta Institiúid Spóirt na hÉireann. Bhí Caroline ina chomhalta boird d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt.



Patrick O'Connor

Is Aturnae, Cróinéir, Eadránaí agus Nótaire Poiblí é Patrick O'Connor. Tá sé ina chomhalta de roinnt comhlachtaí gairmiúla agus rialála agus cumann gairmiúil agus rialála, lena n-áirítear Dlí-Chumann na hÉireann, Institiúid Chairte na nEadránaithe, an Binse Meabhair-Shláinte agus Painéil Araíonachta Chumann Rugbaí an Domhain, Chraobh na Sé Náisiún agus Chumann Rugbaí na hÉireann. D'fhóin Patrick mar chomhalta, mar chathaoirleach agus mar stiúthóir le raon leathan eagraíochtaí gairmiúla, spóirt agus daonchairdiúla roimhe seo. Áirítear leo sin Bord Bainistíochta Phobalscoil Louis, Teach Dóchais, Cumann na hÉireann um Eolaíocht an Fhéinmharaithe, an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha, Bord na Seirbhíse Cúirteanna agus Comhairle Preasa na hÉireann. Shealbhaigh sé oifigí éagsúla laistigh de Dhlí-Chumann na hÉireann. Ba é oifig an Uachtaráin (1998-99) an ceann ba shuntasáí dóibh. Bhí Patrick ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.



Anraid Dunne - An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Sealbhaíonn Anraid céim Bhaitsiléara sa Staidéar Gnó agus is cuntasóir cáilithe í (BBS, FCCA). Thug sí faoi oiliúint agus faoi obair i réimse na cuntasáíochta sular bhog sí chuig an Údarás um Bóithre Náisiúnta mar Cheann Iníúcháireachta sa bhliain 2006. Bhog sí ansin chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar Chomhairleoir Airgeadais sa bhliain 2011.



Donal Óg Cusack

Agus é ina innealtóir ó thaobh gairme de, tá Donal Óg ina iarchúl báire le Foireann Iomána Chorcaí. Bhuaigh sé bonn Uile-Éireann agus Gradam Sárimreoirí roinnt uaireanta. Oibríonn Donal Óg mar thráchtair sna meáin agus tá sé ina Chathaoirleach ar an gCumann Imreoirí Gael. Ainmníodh é mar chuid d'fhoireann bhainistíochta Fhoireann Iomána Sinsir an Chláir don bhliain 2016. Bhí Donal Óg ina chomhalta boird d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt.



Maev Nic Lochlainn - An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Tá Maev ina Ceann ar an Rannóg Beartais Spóirt sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Imríonn sí ról lárnach maidir leis an mBeartas spóirt a fhorbairt, lena n-áirítear an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil a chur ar aghaidh i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus forbairt an Ráitis nua maidir leis an mBeartas Spóirt a phleanáil. Leagfar síos sa Ráiteas sin an treo straitéiseach do Spórt Éireann mar eagraíocht nuabhunaithe. Bhí sí ina comhairleoir tábhachtach don Aire Ring le linn rith an Bhille um Spórt Éireann tríd an Oireachtas. Treoraíonn sí an caidreamh idimáisiúnta i réimse an spóirt freisin, áit a ndéanann sí ionadaíocht d'Éirinn ag Fóram Stiúthóirí Spóirt an Aontais Eorpaigh agus a bhfreastalaíonn sí ar Chomhairlí Spóirt an Aontais. Tá sí ina hiar-shainchomhairleoir bainistíochta le PwC. Shealbhaigh sí ról shinsearach seirbhíse poiblí i réimsí na Cumarsáide agus an Iompair agus le Buanionadaíocht na hÉireann don Aontas roimhe seo freisin.



Liam Sheedy

Tá Liam Sheedy ina Bhainisteoir Réigiúnach le Banc na hÉireann. D'imir sé le foireann iomána Thiobraid Árann agus bhuaigh sé Craobh Mionúr Uile-Éireann mar bhainisteoir ar an gcontae sa bhliain 2006. Bhuaigh sé an tSraith Náisiúnta uair amháin agus Craobh na Mumhan dhá uair ar leibhéal sinsir sular bhuaigh sé Craobh Uile-Éireann sa bhliain 2010. Tá sé ina anailísíomána ar The Sunday Game ar RTÉ freisin. Bhí Liam ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe Boird sa bhliain 2015

(1 Deireadh Fómhair – 31 Nollaig 2015)

Thionóil Spórt Éireann trí chruinniú sa tréimhse trí mhí ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2015.

Comhalta	Iomlán
Kieran Mulvey	3
Bernard Allen	3
Seán Benton	3
Donal Óg Cusack	1
Roy Dooney	3
Mary Dorgan	2
Frances Kavanagh	3
John Maughan	3
Caroline Murphy	2
Pat O'Connor	3
Liam Sheedy	3
Maev Nic Lochlainn ¹	1
Anraid Dunne ²	1

¹ D'éirigh an comhalta seo as an ról an 20.11.2015

² D'éirigh an comhalta seo as an ról an 23.11.2015

Baill Foirne Spórt Éireann

Príomhfheidhmeannach

An tUas. John Treacy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Rannpháirtíocht agus Eitic

An Dr Úna May, Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice
Siobhán Leonard Uas., Bainisteoir Frithdhópála
Kathryn Gallagher Uas., Feidhmeannach Frithdhópála
Bernie Priestley Uas., Bainisteoir Cód Eitice
Emma Jane Clarke Uas., Bainisteoir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais
Gillian Costelloe Uas., Feidhmeannach Comhpháirtíochtaí Spóirt
An tUas. Cormac MacDonnell, Bainisteoir Conairí Náisiúnta
Michelle Harte Uas., Oifigeach Comhpháirtíochtaí Spóirt

Ardfheidhmíocht, Comhlachtaí Rialaithe agus Cumarsáid

An tUas. Paul McDermott, Stiúrthóir Ardfheidhmíochta, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Cumarsáide
An tUas. Austin Mallon, Bainisteoir Ardfheidhmíochta
An tUas. Shane Keane, Ceann Pleanála Ardfheidhmíochta
Erika Murphy Uas., Feidhmeannach Ardfheidhmíochta
An tUas. Paul Farrell, Ceann Margaíochta agus Cumarsáide

Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha

June Menton Uas., Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha
Nicola Connolly Uas., Feidhmeannach Airgeadais
Gillian O'Keeffe Uas., Oifigeach Airgeadais
An tUas. Colm McGinty, Bainisteoir Clár Spóirt/Rúnaí don Bhord

Taighde

An tUas. Peter Smyth, Stiúrthóir Taighde

Institiúid Spórt Éireann

Caroline MacManus Uas., Ceann Eolaíochta Feidhmíochta

Aonad Cóitseála Spórt Éireann

An tUas. Michael McGeehin, Stiúrthóir Aonad Cóitseála Spórt Éireann
Sheelagh Quinn Uas., Ceann Seirbhísí Corparáideacha
An tUas. Declan O'Leary, Ceann Seirbhísí Cóitseála
An tUas. Liam Moggan, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
An tUas. Adrian Byrne, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
Fiona Larkin Uas., Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
Hayley Harrison Uas., Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
An tUas. Diarmaid Moloney, Teicneoir TF
Deirdre Morrissey Uas., Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir
Olivia Sweeney Uas., Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir
Ann McMahon Uas., Riarthóir
Sharon Deedigan Uas., Riarthóir
Helen Quain Uas., Riarthóir

Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann

An tUas. David Conway, Stiúrthóir an Champais Náisiúnta Spóirt
An tUas. Stephen Ryan, Ceann Riaracháin, An Campas Náisiúnta Spóirt
Bernie O'Shea Uas., Fáilteoir, An Campas Náisiúnta Spóirt

Forbhreathnú ar Choistí Spórt Éireann

Coiste	Ról	An Líon Cruinnithe sa bhliain 2015 (An tréimhse trí mhí dar críoch an 31/12/15)
An Coiste Iniúchóireachta	Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíochta riosca Spórt Éireann; Faireachán a dhéanamh ar iomláine na ráiteas airgeadais, agus breithiúnais shuntasacha tuairiscithe airgeadais á n-athbhreithniú; Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá feidhm iniúchóireachta inmheánaí Spórt Éireann.	1
An Coiste Ardfheidhmíochta	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le nithe straitéiseacha, infheistíochta agus oibriúcháin a bhaineann leis an gClár Ardfheidhmíochta agus le hInstitiúid Spóirt na hÉireann.	1
An Coiste um Dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	Breithniú a dhéanamh ar dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus iad a mholadh ar bhonn bliantúil.	0
An Coiste Frithdhópála	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, lena n-áirítear cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le beartais a cheapadh a bhaineann leis na trí shnáithe tástála, oideachais agus taighde a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh na Dópála, 1989, agus cúnamh agus comhairle a thabhairt do bhaill foirne Spórt Éireann maidir le beartais a chur i ngníomh.	0
An Coiste Cóitseála	Comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir leis an mbeartas agus an straitéis le haghaidh Cóitseála a fhorbairt ar oileán na hÉireann.	0
An Coiste Taighde	Formhaoirseacht a dhéanamh ar chlár taighde Spórt Éireann agus tuairisc a thabhairt do Spórt Éireann ar nithe a bhaineann leis an gclár.	0
Coiste an Champais Náisiúnta Spóirt	De réir mhír 6(4)(a) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Spórt Éireann, 2015, cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena chuid feidhmeanna a bhaineann le campas náisiúnta spóirt a fhorbairt ar an láithreán.	1
An Coiste Incháilitheachta	Moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le cé acu a shásaíonn nó nach shásaíonn eagraíochtaí is iarratasóir na critéir incháilitheachta arna gcomhaontú ag an mBord.	0

Forbhreathnú ar Fheidhmíocht 2015





An tAonad Ardfheidhmíochta

Féachann Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann lena chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht na hÉireann sa scothspórt idirnáisiúnta agus le rath comhsheasmhach a bhaint amach ar an scothleibhéal, áit a gcruthaítear lúthchleasaithe Éireannacha ar féidir leo babhtáí ceannais a shroicheadh ar leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach.

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- *Leithdháileadh cistiú ar 23 cinn de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt faoin gClár Ardfheidhmíochta chun tacú lena bpleananna ardfheidhmíochta
- *Tugadh deontais aonair do 78 lúthchleasaí tríd an Scéim Cardála Idirnáisiúnta
- Bhuaigh lúthchleasaithe agus foirne Éireannacha 15 bhonn in imeachtaí Domhanda agus Eorpacha
- *Tugadh cistiú d'ochtair galfairí atá ag teacht chun cinn trí Chlár Ghalp Fhoireann Éireann, rud a riarann an Chónaidhm Gailf in Éirinn é
- *Bhí an dara céim de riar na Scéime Cardála a aistriú chuig Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta roghnaithe ar siúl sa bhliain 2015. Chuaigh ceithre spórt eile i gceannas ar an Scéim Cardála a bhainistiú agus a riar dá lúthchleasaithe. Is iad sin: Badmantan Éireann, Rothaíocht Éireann, Rámhaíocht Éireann agus Trí-atlan Éireann
- *Leithdháileadh cistiú ar Chomhairle Oilimpeach na hÉireann agus ar Chumann Parailimpeach na hÉireann chun tacú lena gcoirníomhaíochtaí agus lena ngníomhaíochtaí cláir, agus béim ar leith á cur acu ar Rio 2016
- *Íocadh deontais bhliantúla i leith chostais oibriúcháin Staid Morton i Seantrabh agus i leith chostais oibriúcháin linn 50 méadar Ollscoil Luimnigh i Luimneach

Forbhreathnú ar an gClár

Tá sé de chúram ar Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann a stiúradh agus a chomhlíonadh. Is é an phríomhaidhm atá againn i réimse na hArdfheidhmíochta ná iomaitheoirí i mbabhtáí ceannais agus buaiteoirí boinn ar leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach a chruthú. Chun déanamh amhlaidh, díritear ar spóirt inar féidir an caighdeán lúthchleasaí sin a chruthú ar bhonn comhsheasmhach seasta. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin gur gá infheistíocht a dhéanamh sa ghlúin reatha lúthchleasaithe den chéad scoth agus tallann shóisearach a fhorbairt ag an am céanna trí chonair struchtúrtha idir an leibhéal sóisearach agus an scothleibhéal.

Cheap Spórt Éireann an Coiste Ardfheidhmíochta chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le nithe straitéiseacha, infheistíochta agus oibriúcháin a bhaineann leis an gClár Ardfheidhmíochta agus le hInstitiúid Spóirt na hÉireann. Tá an Coiste Ardfheidhmíochta faoi chathaoirleacht ag Liam Sheedy, comhalta boird, agus tháinig sé le chéile uair amháin sa tréimhse trí mhí ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2015.

Infheistíodh €9m sa Chlár Ardfheidhmíochta sa bhliain 2015. Áiríodh leis an infheistíocht sin an €6.556m (ar íocadh €781,290 de sna trí mhí dar críoch an 31/12/15) a leithdháileadh ar 23 cinn de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun tacú lena bpleananna ardfheidhmíochta agus an €1.548m (ar íocadh €434,250 de sna trí mhí dar críoch an 30/09/15) a leithdháileadh ar 78 lúthchleasaí faoin Scéim Cardála Idirnáisiúnta.

Lean Spórt Éireann de bheith ag obair i gcomhpháirt le haonaid eile agus le heagraíochtaí eile ar mhaithe le feidhmíocht sa scothspórt a fheabhsú. Áiríodh leo sin Institiúid Spóirt na hÉireann, Cóitseáil Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann agus Institiúid Spóirt Thuaisceart Éireann.

Choinnigh Spórt Éireann Comhaontuithe Oibriúcháin comhphárteacha ar bun le Comhairle Oilimpeach na hÉireann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann araon maidir lena n-ullmhúchán do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha in Rio sa bhliain 2016.

Tá faisnéis faoi na deontais a íocadh chun Ardfheidhmíocht a chur chun cinn ar áireamh in Aguisín C agus in Aguisín D.

* (Tabhair faoi deara gur leis an tréimhse Eanáir - Nollaig 2015 a bhaineann na figiúirí a bhfuil réiltín leo)



Institiúid Spórt Éireann

Tugann Institiúid Spórt Éireann seirbhísí tacaíochta den chéad scoth do lúthchleasaithe ardfeidhmíochta. Oibríonn Institiúid Spórt Éireann go díreach le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun líonraí tacaíochta eolaíochta agus leighis atá sainiúil don spórt a fhorbairt ionas go mbeidh ag gach spórt an tacaíocht a theastaíonn uaidh chun dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht.

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- *D'fhreastail 187 lúthchleasaí ó 20 ceann de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar chlinicí i gceanncheathrú na hInstitiúide
- Soláthraíodh imeacht forbartha gairmiúla amháin
- *Bhain 55 lúthchleasaí leas as scagthástáil chairdiach ar chomhordaigh foireann seirbhísí leighis na hInstitiúide í
- Rinneadh 31 cheann de thástálacha próifíle fola ar 21 lúthchleasaí
- Rinneadh 38 n-atreorú le haghaidh sainchúram leighis (e.g. scagthástáil chairdiach, scanadh MRI, scanadh DEXA agus síceolaíocht chliniciúil)
- *Ghlac 24 chóitseálaí ó 18 spórt páirt sa Chlár um an Tóir ar Bharr Feabhais
- Fuarthas naoi n-iarratas (ocht n-iarratas nua agus iarratas amháin ar athchreidiúnú) ó ghairmithe Eolaíochta Spóirt Ardfeidhmíochta ar bhallaíocht de Chlár na hInstitiúide um Dhearbhú Cáilíochta Gairmiúil
- *Cuireadh Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm do 11 Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta sa bhliain 2015
- Tháinig an tIonad Traenála agus Tacaíochta Ardfeidhmíochta in úsáid
- *Seoladh an Clár Trasdula do Rio sa bhliain 2015 agus d'fhreastail 126 dhuine de Lúthchleasaithe agus de bhaill foirne tacaíochta ar na ceardlanna go dtí seo

Forbhreathnú ar an gClár

Leithdháileadh níos mó ná €1m ar Institiúid Spórt Éireann don dhá mhí dhéag den bhliain 2015. Úsáideadh an infheistíocht sin chun tacú leis an Spórt Ardfeidhmíochta in Éirinn trí chlár cosúil leo seo a leanas: Pleanáil Ardfeidhmíochta; saineolas i réimse an Leighis agus na hEolaíochta Spóirt Ardfeidhmíochta; an Clár um an Tóir ar Bharr Feabhais; an Clár um Dhearbhú Cáilíochta Gairmiúil; an Clár um Scileanna Saoil Feidhmíochta; agus an Clár Anailíse Fola.

Lean Institiúid Spórt Éireann le saineolas a sholáthar go díreach i réimsí ríthábhachtacha amháin Leigheas (seirbhís leighis agus fisiteiripe), Eolaíocht (fiseolaíocht, cothú, neartú agus riochtú, anailís feidhmíochta agus síceolaíocht) agus Scileanna Saoil Feidhmíochta (tacaíocht déghairme don oideachas agus don fhostaíocht). Soláthraíodh an saineolas sin ag Ionad Ardfeidhmíochta Institiúid Spóirt na hÉireann i mBaile an Aba, ag campaí, ag comórtais, ag Ollscoil Luimnigh agus ag ionaid éagsúla traenála spóirt ardfeidhmíochta.

Chomh maith leis sin, lean Institiúid Spórt Éireann de bheith ag obair i gcomhpháirt lena lán eagraíochtaí ar mhaithe le barr feabhais a bhaint amach sa spórt. Áiríodh leo sin na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, an tAonad Ardfeidhmíochta, Aonad Cóitseála Spóirt Éireann, Comhairle Oilimpeach na hÉireann, Institiúid Spóirt Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána.

Déantar ionadaíocht d'Institiúid Spóirt Éireann ar Ghrúpa Teicniúil Rio 2016 agus bíonn sí ag rannchuidiú leis na hullmhúcháin do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha sa bhliain 2016 trína cuid clár.

Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann

Is é an cuspóir atá le Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann ná timpeallacht iomlánaíoch spóirt den chéad scoth a sholáthar do lúthchleasaithe Éireannacha, idir an leibhéal Rannpháirtíochta agus an leibhéal Ardfeidhmíochta.

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- Tosaíodh ar cheanncheathrú nua a thógáil do Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann
- Leanadh leis an obair thógála ar Chéim a hAon de Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann
- *Thug 991,554 dhuine cuairt ar an Ionad Náisiúnta Uisce sa bhliain 2015. Ba é sin an figiúr is airde riamh
- Tá Comhaontuithe i bhfeidhm le Cumann Peile na hÉireann, le Cumann Lúthchleas Gael, le Cumann Rugbaí na hÉireann agus le Haca Éireann chun saoráidí spóirt mhachaire a fhorbairt do gach ceann de na spóirt faoi seach

Forbhreathnú ar an gClár

An Láthair Náisiúnta faoi Dhíon

Tar éis obair thógála a thosú i mí Feabhra 2015, leanadh le dul chun cinn a dhéanamh ar Chéim 1 den tionscadal (an tIonad Náisiúnta Traenála Lúthchleasaíochta faoi Dhíon, an tIonad Náisiúnta Traenála faoi Dhíon agus an tIonad Náisiúnta Traenála Gleacaíochta) le linn na tréimhse. Tá an tionscadal fós á oibriú laistigh den bhuiséad agus de réir an scéidil le haghaidh Céim 1 a chríochnú i mí na Samhna 2016. Leanadh le dul i mbun díospóireachta maidir le Céim 2 den tionscadal (páirceanna sintéiseacha faoi dhíon) a thosú.

Forbairt Comhpháirtíochta

Tá Comhaontuithe i bhfeidhm le Cumann Peile na hÉireann, le Cumann Lúthchleas Gael, le Cumann Rugbaí na hÉireann agus le Haca Éireann chun saoráidí spóirt mhachaire a fhorbairt do gach ceann de na spóirt faoi seach de réir an Mháistirphlean do Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, áit a bhfuil cistiú meaitseála ar fiú suas le €0.5m é ar fáil do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta. Chuir dhá cheann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta tús leis an obair ar a saoráidí féin.

An Raon Náisiúnta Trastíre

Cuireadh oibreacha substainteacha ar fhorbairt an raoin i gcrích sa bhliain 2015 agus tá mionoibreacha le cur i gcrích sa bhliain 2016. Tiocfaidh an tsaoaráid in úsáid i séasúr trastíre na bliana 2016.

An tIonad Náisiúnta Veileadróim agus Badmantain

De bhun tograí a chur isteach le haghaidh Ionad Náisiúnta Veileadróim agus Badmantain a thógáil ar an gCampas, thug an tAire ceadú i mí na Samhna 2015 le haghaidh tús a chur leis an bpróiseas soláthair chun príomhchonraitheoir a shainiú don tionscadal. Cuirfear an próiseas sin i gcrích ina dhá chéim agus fuarthas aighneachtaí réamhcháilíochta ina leith cheana féin.

Conairí Bogshodair agus Corpacmhainne

I mí na Samhna 2015, tugadh ceadú le haghaidh dul ar aghaidh leis an gcéim tairisceana don tionscadal seo – áit a soláthrófar conairí lán-inrochtana bogshodair 1 km agus 2 km agus stáisiúin chorpacmhainne a bheidh ar oscailt don phobal i gcoitinne. Tá na hoibreacha le tosú i lár na bliana 2016.

Cóiríocht Oifige Bhreise do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Cuireadh Pleananna le chéile le haghaidh cóiríocht oifige bhreise a sholáthar do Spórt Éireann agus do líon beag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar an gcampas. Déanfar amhlaidh trí chlós Theach Bhaile an Aba a athchóiriú. I mí na Samhna 2015, fuarthas ceadú le haghaidh an chéim soláthair a thosú.

NSCDA (Operations) Limited

Is é NSCDA (Operations) Limited, ar fochuideachta de chuid Spórt Éireann é, atá freagrach as bainistíocht agus oibriú laethúil na saoráidí ar Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann agus as bainistíocht agus oibriú laethúil Staid Morton, Seantrabh.

An tIonad Náisiúnta Uisce: Tugadh 991,554 chuairt ar an Ionad Náisiúnta Uisce sa bhliain 2015 (i gcomparáid le 931,074 cinn sa bhliain 2014). Ba é sin an líon is airde cuairteoirí riamh ar an Ionad. Rollaigh 12,700 duine san iomlán in Acadaimh Shnámh, Thumadóireachta agus Shnámh Chomhuainigh ar fud na gcúig théarma le linn na bliana freisin.

Staid Morton

Mar aon leis na Craobhchomórtais Náisiúnta Shinsearacha Lúthchleasaíochta, óstáiltear i Staid Morton freisin imeachtaí agus comórtais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta eile lúthchleasaíochta (lena n-áirítear Cluichí Morton a bhíonn ar siúl gach bliain). Baintear úsáid as an staid mar ionad traenála chomh maith. Baineann eagraíocht eile nach eagraíocht lúthchleasaíochta í úsáid as an staid mar chuid de chlár thraenála ardfeidhmíochta. Bíonn sí in úsáid do spóirt eile (e.g. sacar) freisin. Mhéadaigh an líon cuairteoirí ar an staid go 100,440 duine sa bhliain 2015 (méadú 14% ar an bhfigiúr don bhliain 2014).

Saoráidí eile ar an gCampas

Lean úsáid gach limistéir eile ar an gCampas de bheith ag fás sa bhliain 2015. Tá comhaontuithe úsáide i bhfeidhm le hEachspórt Éireann agus le Peantatlan Éireann don Láthair Náisiúnta Eachspóirt agus don Ionad Traenála Nuapheantatlain faoi seach agus cuireadh clár agus seirbhísí nua i bhfeidhm ag na saoráidí sin agus ag an Ionad Náisiúnta Traenála Tumadóireachta. Mhéadaigh an líon daoine a bhain úsáid as Páirceanna Sintéiseacha an Champas Náisiúnta Spórt go 93,236 dhuine sa bhliain 2015 (ó 73,948 nduine sa bhliain 2014, rud atá cothrom le méadú 26%).



Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann

Tugann Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann tacaíocht do líonra náisiúnta de 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt agus cláir á soláthar acu ar fud gach spriocghrúpa. Tá sé mar aidhm leis an gClár um Mná sa Spóirt rannpháirtíocht na mban sa spóirt a mhéadú, na gnéithe dearfacha den spóirt agus na tairbhí sláinte a ghabhann leis a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do mhná obair dheonach a dhéanamh sa spóirt. Cuireadh an clár i láthair ag comhdháil náisiúnta um Mná sa Spóirt, rud ar óstáil an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí infheistíocht sa Spóirt Machaire (Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Peile na hÉireann agus Cumann Rugbaí na hÉireann) ionas gur féidir leanúint le rannpháirtíocht a mhéadú ar an leibhéal gnáthphobail.

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- *Ghlac 347,806 dhuine páirt i gcláir áitiúla rannpháirtíochta ar reáchtáil Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad
- *Ghlac 9,316 bhean eile páirt i gClár áitiúla um Mná sa Spóirt
- *Tacaíodh le 16 Oifigeach um Chuimsiú sa Spóirt chun daoine faoi mhíchumas a spreagadh páirt a ghlacadh sa spóirt
- *Ghlac 40,330 duine scothaosta ó gach cuid d'Éirinn páirt sna Cláir 'Beir Beo ar an Saol'
- Infheistíodh níos mó ná €190,800 in Ionad Cara chun rannpháirtíocht a éascú agus a chothú i measc daoine faoi mhíchumas
- *Chuir níos mó ná 18,500 duine 1,185 chúrsa sa Chód Eitice agus Dea-Chleachtais do Spóirt na Leanáí (Cumhdach 1, 2 agus 3) i gcrích
- *Leithdháileadh infheistíocht €2,264,174 chun Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal a bhunú ar fud na tíre agus chun Mol Náisiúnta Oideachais agus Oilíúna Spóirt a chruthú
- *Ghlac 1,870 bunscóil páirt i mBlitzchláir Iomlána 'Go-Games' agus ghlac 2,680 bunscóil páirt i mBlitzchláir Pheile Gaelaí 'Go-Games'
- *Ghlac níos mó ná 22,000 duine páirt i gcláir chuimsithe shóisialta de chuid Chumann Peile na hÉireann
- *Ghlac níos mó ná 31,500 duine de bhuachaillí agus de chailíní páirt i Mionrugbaí

Forbhreathnú ar an gClár

Leithdháileadh €4,993,314 (ar íocadh €673,440 de sna trí mhí dar críoch an 31.12.15) ar an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2015 chun cláir a sholáthar do gach spriocghrúpa. Faoin gClár um Mná sa Spóirt, infheistíodh €114,675 (ar íocadh €16,585 de sna trí mhí dar críoch an 31.12.15) trí na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2015. Leithdháileadh €7,225,906 san iomlán (ar íocadh €2,330,247 de sna trí mhí dar críoch an 31.12.15) ar Chumann Peile na hÉireann, ar Chumann Lúthchleas Gael agus ar Chumann Rugbaí na hÉireann faoin gClár um Spóirt Machaire na hÓige sa bhliain 2015. Fuair Cumann Peile na hÉireann agus Cumann Rugbaí na hÉireann €142,500 agus €114,000 faoi seach faoin gClár um Mná sa Spóirt le linn na bliana 2015 freisin.

Lean Spóirt Éireann de bheith ag obair i gcomhpháirt le roinnt eagraíochtaí ar mhaithe le rannpháirtíocht mhéadaithe agus gníomhaíocht fhisiciúil mhéadaithe a bhaint amach. Maidir leis an gcaidreamh atá ar bun againn le comhpháirtithe tábhachtacha amhail Foras Croi na hÉireann agus Aostacht agus Deiseanna, tacaíodh leis an gcaidreamh sin trí chomhar trasrannach leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus sinn ag iarraidh muintir na hÉireann a dhéanamh níos gníomhaí.

Maidir lenár gcuid oibre i réimse na Spóirt Machaire, chothaigh Cumann Lúthchleas Gael caidreamh le daoine óga i ngach pobal in Éirinn trí na cláir 'Go-Games' ar leibhéal club agus scoile. Tugann Cumann Peile na hÉireann deiseanna do dhaoine óga páirt a ghlacadh sa spóirt, go háirithe iad sin a bhfuil ísealrátaí rannpháirtíochta acu amhail daoine óga atá thíos le heisiámh sóisialta, daoine óga ó phobail inimirceacha, daoine faoi mhíchumas agus mná agus cailíní. Ina theannta sin, leanann Cumann Rugbaí na hÉireann le hiarracht a dhéanamh rannpháirtíocht faoi aois a mhéadú laistigh de scoileanna agus den phobal. Reáchtáilann sé cláir shonracha do chailíní freisin.

Is é is Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ann ná comharghnó clubanna forásacha spóirt agus eagraíochtaí áitiúla eile atá ag iarraidh obair le chéile chun feabhas a chur ar an tairiscint spóirt ina bpobal áitiúil. Forbraíodh naoi mol nua ar fud na hÉireann le tacaíocht ó Chiste

na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2015. Agus é á chistiú faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin, bhí sé mar aidhm leis an tionscadal Cóitseála Pobail sainchúrsaí oilíúna agus oideachais a sholáthar do chuardaitheoirí poist agus deiseanna taithe oibre a thabhairt dóibh i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, i gclubanna agus i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Cheadaigh Spóirt Éireann 55 iarratas ar chúrsaí faoin bpróiseas iomaíoch tairisceana sin, agus iad dírithe ar níos mó ná 650 duine.

Tá faisnéis faoi na deontais a íocadh chun rannpháirtíocht a chur chun cinn ar áireamh in Aguisíní E, F, G agus H.

* (Tabhair faoi deara gur leis an tréimhse Eanáir - Nollaig 2015 a bhaineann na figiúirí a bhfuil réiltín leo)





Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Oibríonn Spórt Éireann i gcompháirt le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun iad a chumasú a spórt a fhorbairt agus freastal ar riachtanais a cuid ball ar bhealach níos éifeachtaí. Tá obair an Aonaid Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta dírithe ar oibríochtaí leanúnacha, rialachas agus bainistíocht airgeadais na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Imríonn sé ról tábhachtach freisin in idirchaidreamh a dhéanamh le haonaid oibríocháin eile laistigh de Spórt Éireann, amhail an tAonad Ardfheidhmíochta, an tAonad Cóitseála, an tAonad Rannpháirtíochta agus an tAonad Frithdhópála.

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- *D'fhorbair 59 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta croiphleananna oibríocháin
- Rinneadh iniúchadh ar dhá Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta faoin bPlean Bliantúil Iniúchóireachta
- Leithdháileadh níos mó ná €10.8m (ar íocadh €640,123 de sna trí mhí dar críoch an 31/12/15) ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sa bhliain 2015
- *Tá 20 Comhlacht Spóirt Ionaithe i gceanncheathrú Spórt Éireann
- *Tá 56 Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta cláraithe le Spórt Cóir Éireann, arb é an tseirbhís neamhspleách réiteach díospóide do Spórt na hÉireann é, a thairgeann saoráid Idirghabhála agus Eadrána araon
- Tríd an Athbhreithniú Lárbhliana a rinne sé agus tríd an bpróiseas deontais bliantúil a sheol sé, lean an tAonad Tacaíochta do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na ceanglais chomhlíonta a ghabhann le cistiú Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Forbhreathnú ar an gClár

Leithdháileadh níos mó ná €10.8 milliún (ar íocadh €640,123 de sna trí mhí dar críoch an 31/12/15) ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt in Éirinn sa bhliain 2015.

Íocadh €640,123 le 59 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta mar Chroíchistiú Deontais agus íocadh €15,125 eile faoin gClár um Mná sa Spórt.

A bhui leis an gcroídeontas a tugadh dóibh sa bhliain 2015, bhí na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta in ann obair riaracháin a chur i gcrích, clár rannpháirtíochta a sholáthar, cóitseálaithe a fhorbairt, imeachtaí a óstáil, pleananna straitéiseacha a chur chun feidhme, baill foirne ghairmiúla a fhostú agus tabhairt faoi chroíghníomhaíochtaí, lena n-áirítear Cód Eitice agus Clár Frithdhópála Spórt Éireann a chur chun feidhme.

Maidir leis an gcistiú a thugtar don Chlár um Mná sa Spórt, dírithe é ar chlár a soláthraíonn na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta iad. Fuarthas méid ollmhór dea-thola agus tacaíochta i leith an Chláir ó eagraíochtaí spóirt agus ó rannpháirtithe araon cheana féin.

Feidhmíonn Spórt Éireann próiseas aitheantais d'eagraíochtaí atá ag iarraidh bheith incháilithe do thacaíocht a fháil ó Spórt Éireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta don Spórt. Leis na critéir aitheantais, leagtar ceanglais íosta síos do gach eagraíocht atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais ó Spórt Éireann.

Tá faisnéis faoi na Deontais a íocadh le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar áireamh in Aguisín B agus in Aguisín F. *(Tabhair faoi deara gur leis an tréimhse Eanáir - Nollaig 2015 a bhaineann na figiúirí a bhfuil réiltín leo)





V T R R

An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta

Oibríonn an tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta i gcomhpháirt le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt chun cabhrú leo a leibhéil inmhianaithe chumais a ghnóthú trí ghníomhaíocht Forbartha agus Athraithe Eagraíochta

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- Cuireadh níos mó ná 15 cinn de thuairiscí Iompraíochta/Sícméadracha (MBTI, Belbin & Strengthscope) i gcrích agus reáchtáladh seisiúin aiseolais le fostaithe earnála
- D'fhreastail níos mó ná 75 duine d'fhostaithe agus de chomhaltaí boird ar chúrsaí oiliúna éagsúla i raon mór scileanna boga agus teicniúla
- D'fhreastail níos mó ná 220 duine d'oibríthe deonacha a oileadh i mBaile Átha Cliath, i Sligeach, i mBaile Átha Luain agus i gCorcaigh ar chúrsaí oiliúna éagsúla i raon mór scileanna atá dírithe ar fhorbairt club
- Cuireadh cleachtadh inmheánach mapála próisis ghnó i gcrích do Spórt Éireann
- Forbraíodh córas inlín Spórt Éireann
- Cuireadh pleananna idirghabhála saincheaptha Forbartha Eagraíochta le chéile, a bhí dírithe ar athrú cultúrtha agus ar athrú córas

Is iad seo a leanas na hocht réimse cumais a ndírítear orthu: Ceannaireacht Eagraíochta, Bainistíocht Athruithe, Bainistíocht Riosca, Pleanáil Straitéiseach, Bainistíocht Feidhmíochta Fostaithe, Bainistíocht Tionscadal, Rialachas Corparáideach agus Teagmháil le Geallsealbhóirí.

Bainistíonn an tAonad raon leathan idirghabhálacha saincheaptha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta i gclianteagraíochtaí spóirt freisin. Déantar na hidirghabhálacha sin ar leibhéal an Duine Aonair, ar leibhéal an Ghrúpa agus ar leibhéal na hEagraíochta ar fad. Bainistítear iad chun feabhas leanúnach a chur ar na leibhéil éifeachtachta eagraíochta laistigh de chlianteagraíochtaí spóirt. Tríd is tríd, is féidir na cineálacha difriúla idirghabhálacha a chur sna grúpaí seo a leanas:

- Idirghabhálacha Próisis Daoine amhail Neartú Foirne agus Caidreamh Idirghrúpa
- Idirghabhálacha struchtúrtha amhail Atheagrú
- Idirghabhálacha athraithe straitéisigh agus idirghabhálacha bunathraithe chun feabhais amhail Athrú Cultúrtha agus Dearadh Eagraíochta
- Idirghabhálacha Acmhainní Daonna amhail Bainistíocht Tallainne agus Forbairt Ceannaireachta

Forbhreathnú ar an gClár

Lean an tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta le raon seirbhísí tacaíochta a sholáthar don earnáil spóirt sa bhliain 2015. Tá gníomhaíocht an Aonaid bunaithe go páirteach ar na gealltanais atá leagtha amach sa Straitéis um Fhorbairt Cumais Eagraíochta 2014 – 2018.

Chláirigh 67 n-eagraíocht leis an bpróiseas straitéiseach faoi mhí na Nollag 2015. Ar mhaithe leis an straitéis a chomhlíonadh, lean an tAonad lena sheirbhísí Forbartha Cumais Eagraíochta a sholáthar i réimsí na tacaíochta Foghlama, Comhairlí agus Córas.

Ina theannta sin, bhí freagracht ar an Aonad as straitéis atá dírithe ar fhoghlaimoírí agus an struchtúr tacaíochta (córais, beartais agus nósanna imeachta) a fhorbairt chun feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtaí atá an ghníomhaíocht Oideachais, Foghlama agus Forbartha ar fad a dhéanann Spórt Éireann i gcomhar lena phríomh-gheallsealbhóirí san earnáil spóirt. Tá an ghníomhaíocht dírithe ar dhéimeagrafaic foghlaimoira atá substaintiúil agus éagsúil, lena n-áirítear fostaithe, lúthchleasaithe, cóitseálaithe, teagascóirí, oibríthe deonacha agus mic léinn san oideachas tríú leibhéal.



Aonad Frithdhópála Spórt Éireann

Feidhmítear Clár Frithdhópála Spórt Éireann chun iomláine spóirt na hÉireann a chosaint ar bhagairt na dópála. Is bunchloch eiticiúil riachtanach do spóirt na hÉireann é an Clár Frithdhópála. Is colún lárnach d'obair Spórt Éireann é freisin, atá tiomanta do spóirt cothrom, sláintiúil agus taitneamhach a fhorbairt.

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- *Rinneadh 120 tástáil faoin gClár Náisiúnta Tástála agus rinneadh 79 dtástáil faoin gClár 'Iocann an tÚsáideoir'
- Cuireadh 38 dtástáil fola i gcrích lasmuigh de chomórtas
- Cuireadh 61 tástáil fuail i gcrích lasmuigh de chomórtas
- Cuireadh 21 tástáil fuail i gcrích laistigh de chomórtas
- Seoladh 13 sheimineár oideachais
- Cuireadh oiliúint ar 17 dTeagascóir Frithdhópála ó Chumann Lúthchleas Gael, ó Chumann Rugbaí na hÉireann agus ó Chumann Peile na hÉireann i mí na Samhna 2015

Forbhreathnú ar an gClár

Shínigh Spórt Éireann comhaontú le Gníomhaireacht Frithdhópála na Stát Aontaithe chun tástáil drugaí a dhéanamh ar an gCraobhchomórtas Trodaíochta Deiridh (UFC) thar ceann na Gníomhaireachta. Soláthróidh Spórt Éireann seirbhís bailiúcháin samplaí do thástáil laistigh de chomórtas agus lasmuigh de chomórtas araon i leith comórtais atá ar siúl in Éirinn agus i leith lúthchleasaithe atá ag traenáil in Éirinn. Is í Gníomhaireacht Frithdhópála na Stát Aontaithe a dhéileálfaidh le comhdhuithe a bhaineann le faisnéis faoi cá háit a bhfuil an lúthchleasaí agus a bhaineann le Díolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach.

Soláthraíodh Oiliúint Teagascóra Frithdhópála i mí na Samhna 2015. Chuir an tAonad Frithdhópála oiliúint ar 17 dteagascóir ó Chumann Lúthchleas Gael, ó Chumann Rugbaí na hÉireann agus ó Chumann Peile na hÉireann lena linn. Tabharfaidh na teagascóirí sin cúnaimh dá gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta maidir le hoideachas frithdhópála a chur ar a gcuid ball.

Chuir Spórt Éireann tús le tionscadal beag taighde i gcomhar le Ireland Active agus le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ba é a bhí i gceist leis an taighde sin ná rochtain a fháil ar bhíonna agus forlíontaí spóirt a bhíonn á ndíol ag raon saoráidí fóillíochta chun a dhéanamh amach cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go gcomhlíonann siad dlíthe lipéadaithe, go ndéantar maíomh neamhdhleathach sláinte ina leith agus go gcuimsíonn siad spreagthaigh atá ainmnithe ar liosta substaintí coiscthe na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil. Cuirfear an tuarascáil deiridh ar fáil sa bhliain 2016.

Rinne Iníuchóir Seachtrach iniúchadh ar an Aonad Frithdhópála i mí Dheireadh Fómhair 2015 agus bronnadh deimhniú ISO 9001:2008 air suas go dtí an bhliain 2018.

* (Tabhair faoi deara gur leis an tréimhse Eanáir - Nollaig 2015 a bhaineann na figiúirí a bhfuil réiltín leo)



Aonad Cóitseála Spórt Éireann

Imríonn Aonad Cóitseála Spórt Éireann an príomhról maidir le cóitseáil a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin in Éirinn. Mar chuid den ról sin, tarraingíonn sé aird ar a thábhachtaí atá cóitseáil ar ardchaighdeán maidir le lúthchleasaithe a fhorbairt agus ar a thábhachtaí atá sé deiseanna a thabhairt do rannpháirtithe.

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- Ceadaíodh 502 Chúrsa Cóitseála
- Cháiligh 2,519 nduine mar Chóitseálaí sa bhliain 2015
- *Cháiligh 28 nduine mar theagascóir sa bhliain 2015
- Lean Cóitseáil Éireann de bheith ag obair ar an gCreat Spóirt Eachtraíochta a ailíniú leis an gClár Forbartha Cóitseála d'Éirinn le linn na bliana 2015
- Lean Cóitseáil Éireann de bheith ag obair le Spórt Thuaisceart Éireann chun plean gníomhaíochta a fhorbairt don Ghrúpa um Chur Chun Feidhme Nithe Spóirt

Forbhreathnú ar an gClár

Sainathnódh le linn taighde agus comhairliúcháin gur gá breisoideachas a chur ar na cóitseálaithe sin a oibríonn le leanaí. Sainathnódh ceithre mhodúl lena bhforbairt, lena áiríodh tús eolais ar leanaí sa spórt; an leanbh atá ag forbairt a chóitseáil; scileanna bunghluaiseachta a chóitseáil; agus tuiscint ar chluichí a chóitseáil. Is é Sergio Lara-Bercial (Comhalta Sinsearach Taighde in Ollscoil Chathrach Leeds) a rinne an chéad triail agus an dara triail ar na ceardlanna sin.

Tháinig an Grúpa Comhairleach Teicniúil le chéile i mí Aibreáin, i mí an Mheithimh agus i mí Mheán Fómhair 2015. Is é aidhm an ghrúpa comhairle a thabhairt do Chóitseáil Éireann maidir leis an mbeartas agus an straitéis le haghaidh cóitseáil a fhorbairt ar oileán na hÉireann, agus an Clár Forbartha Cóitseála d'Éirinn á úsáid aige mar phointe tagartha.

Le linn na bliana 2015, chuir Cóitseáil Éireann páipéar le chéile ar leibhéil chóitseála Chlár Forbartha Cóitseála na hÉireann a ailíniú leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Tá páipéar níos mine ar an eolas, na scileanna agus an inniúlacht a theastaíonn do gach leibhéal á ullmhú faoi láthair. Tá páipéar den chineál céanna ar leibhéil teagascóra Chlár Forbartha Cóitseála na hÉireann á ullmhú freisin. Gníomhaigh Cóitseáil Éireann mar chomhpháirtí sna Tionscadail Eorpacha seo a leanas:

- *An Tionscadal um Shiollabas Eorpach Foghlama do bheochantóirí amuigh faoin spéir. Ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal seo Siollabas Eorpach a fhorbairt le haghaidh beochantóirí amuigh faoin spéir a oiliúint. Bhí sé ar siúl ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2015. Thionóil an tionscadal an chomhdháil deiridh dá chuid i mí Mheán Fómhair 2015.
- Tionscadal Déghairmeacha an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den tionscadal seo, gheobhaidh daoine óga spóirt oideachas agus/nó oiliúint ghairmiúil le linn dóibh tabhairt faoina dtraenáil. Cabhrófar le lúthchleasaithe Eorpacha feidhmiú go maith agus dul san iomaíocht ar ardleibhéal idirnáisiúnta agus laghdófar an líon daoine a thiteann amach as an scoil, as an ollscoil agus as an spórt ag an am céanna.
- Sainghrúpa an Aontais Eorpaigh um Fhorbairt Acmhainní Daonna sa Spórt. Tá sé mar sprioc ag an ngrúpa oibre moltaí a fhorbairt chun obair dheonach a spreagadh sa spórt, lena n-áirítear an dea-chleachtas maidir le sásraí dlíthiúla agus fioscacha agus treoir phraiticiúil maidir le cáilíochtaí náisiúnta a chur ar aon dul leis na caighdeáin idirnáisiúnta cháilíochta atá ar bun ag cónaidhmeanna idirnáisiúnta spóirt.

* (Tabhair faoi deara gur leis an tréimhse Eanáir - Nollaig 2015 a bhaineann na figiúirí a bhfuil réiltín leo)



Aonad Conairí Spórt Éireann

Comhordaíonn Aonad Conairí Spórt Éireann clár conairí áineasa náisiúnta agus coinníonn sé Clár Conairí Náisiúnta ar bun. Is é aidhm an chláir tacú le raon leathan comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla agus conairí á bpleanáil agus á bhforbairt ar fud na tíre.

Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí
- *Bhí 849 gconair cláraithe ar an gClár Conairí Náisiúnta
- *Tugadh faoi 130 ceann de shannacháin imscrúdaithe agus chomhairleacha, agus cáilíocht agus caighdeán na gconairí á gcinntiú
- Rinneadh cigireachtaí ar naoi mbealach rothaíochta chun tacú leis an Aonad um Thaisteal Níos Cliste sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- *Tosaíodh ag obair i gcomhar le húdaráis áitiúla i ndeich gcontae chun bealach rothaíochta Eurovelo 1 in Éirinn a fhorbairt
- Rinneadh measúnú Conairí agus Áineasa ar shé Pháirc Náisiúnta agus ar chúig Anaclann Fiadhúlra feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus i gCill Mhantáin
- Leanadh de bheith ag obair ar Ghormbhealaí a fhorbairt ar fud na tíre agus rinneadh 11 cheann de shannacháin chigireachta agus chomhairleacha i gcomhpháirt le Canúáil Éireann sa bhliain 2015
- Tacaíodh leis an gcúigiú sraith de Tracks & Trails a dhéanamh, rud a chraolfar ar RTÉ i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2016

Forbhreathnú ar an gClár

D'infheistigh Aonad Conairí Spórt Éireann níos mó ná €0.1m ina chláir conairí áineasa sna trí mhí dheireanacha den bhliain 2015. Lean Spórt Éireann de bheith ag obair i gcomhpháirt le raon leathan Gníomhaireachtaí Stáit, Údarás Áitiúil agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar thionscadail áineasa éagsúla, lenar airíodh bonneagar áineasa a fhorbairt sa Stát agus deiseanna áineasa amuigh faoin spéir a chur chun cinn do phobal na hÉireann.

Lean Aonad Conairí Spórt Éireann leis an tionscnamh 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl' a threorú. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh siúl áineasa a chur chun cinn agus a spreagadh agus tacú le grúpaí siúil áineasa a bhunú ar fud na tíre. Tá an Roinn Sláinte ag tacú leis an gclár sin ar mhaithe le é a leathnú agus ar mhaithe le Tionscnamh nua Siúil do Phobail Ghníomhacha a chur i bhfeidhm tríd an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

* (Tabhair faoi deara gur leis an tréimhse Eanáir - Nollaig 2015 a bhaineann na figiúirí a bhfuil réiltín leo)



Gníomhaíocht Chorparáideach



Buaicphointí an Chláir Thrí Mhí

- Tugadh freagra ar 19 gceist parlaiminte san iomlán idir an 1 Deireadh Fómhair 2015 agus an 31 Nollaig 2015
- Tugadh urraíocht do Ghradam Spóirt RTÉ agus do Ghradam an Irish Times/Spórt Éireann do Bhean Spóirt na Bliana
- Tá an tuarascáil Taighde ar na Cluichí Oilimpeacha á tabhairt chun críche faoi láthair agus foilseofar ag deireadh na bliana 2016 í. Féachtar sa tuarascáil ar na bealaí ina dtéann clubanna Oilimpeacha Speisialta chun tairbhe do rannpháirtíocht agus don tsláinte
- Tugadh faisnéis do Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir leis an Tuarascáil 'Samhlaigh do Chearta' sa bhliain 2015, rud inar pléadh le grádáin shóisialta i rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spórt
- Tugadh cúnaimh do roinnt Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le linn dóibh meastóireacht a dhéanamh ar a gclár cóitseála pobail
- Cónascadh na hAonaid Airgeadais agus Chuntas i gComhairle Spóirt na hÉireann agus in Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt

Forbhreathnú ar Gníomhaíocht Cumarsáide

Lean Spórt Éireann le tacaíocht cumarsáide a thabhairt sna réimsí seo a leanas: na meáin; gnóthaí poiblí; cumarsáid chorparáideach; imeachtaí; margaiócht; agus cúrsaí digiteacha. D'fhorbair Spórt Éireann na feachtais seo a leanas sa bhliain 2015;

- Sheol Spórt Éireann #FindYourTrail. San fhíseán lena mbaineann, tugtar spreagadh do dhaoine de gach aois agus de gach cumas dul amach agus taitneamh a bhaint as an saol amuigh faoin spéir in Éirinn.
- Seoladh an feachtas "Backing You" de chuid Institiúid Spóirt na hÉireann le linn Chomhdháil HPX 2015. San fhíseán lena mbaineann, cloistear ó Eoin Rheinisch, a chuaigh san iomaíocht sa Slalóm Curach sna Cluichí Oilimpeacha. Labhraíonn sé faoin dóigh ar chabhraigh córas tacaíochta na hInstitiúide lena ghairm iomaíoch a bhunathrú chun feabhais agus faoin dóigh a bhfuil an córas ag cabhrú leis go fóill inniu agus é ag cóitseáil na nglún atá le teacht.
- Ag obair dó i gcomhpháirt leis an gCumann Camógaíochta, le Cumann Pheil na mBan agus le Cumann Lúthchleas Gael, d'fhorbair Spórt Éireann físeán cur chun cinn a raibh mar aidhm leis aird a tharraingt ar Chluichí Gaelacha Traidisiúnta na hÉireann le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt, an chéad seachtain dá cineál.



Forbhreathnú ar Thaighde

Monatóir Spóirt na hÉireann 2015

Tosaíodh ar shonraí a bhailiú do Mhonatóir Spóirt na hÉireann don bhliain 2015 i mí Aibreáin. Beidh an tuarascáil sin ar an séú tuarascáil i sraith Mhonatóir Spóirt na hÉireann, lena dtugtar modh inar féidir faireachán agus rianú cruinn a dhéanamh ar rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spórt i measc na n-aosach in Éirinn.

Spórt Mac Léinn Éireann

Tá sé seo ar an gcéad staidéar uile-oileáin riamh ar rannpháirtíocht sa spórt i gcomhthéacs tríú leibhéal. Tosaíodh an tionscadal ag deireadh na bliana 2013 agus foilseofar i mí Feabhra 2016 é. Tá an tionscadal á chur i gcrích ag cuibhreannas tríú leibhéal ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, ó Ollscoil Luimnigh agus ó Ollscoil Uladh.

Tuarascálacha ar Rannpháirtíocht do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Dréachtaíodh 13 tuarascáil do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ó tosaíodh an tionscadal sa bhliain 2014. Déantar scrúdú sna tuarascálacha ar rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta i measc an daonra ar fad agus i measc foghrúpaí éagsúla agus is féidir le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad a úsáid chun tacú le planáil straitéiseach.

Íocaíochtaí a Rinneadh le Soláthraithe sa Tréimhse Trí Mhí ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2015

Maidir le híocaíochtaí prasa le soláthraithe, níor thabhaigh Spórt Éireann ús pionóis i leith aon íocaíochtaí a rinneadh sa bhliain 2015. Tá feidhmíocht Spórt Éireann i dtaca le hamscála na n-íocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2015 léirithe sa tábla thíos.

Íocaíochtaí a Rinneadh le Soláthraithe sa Tréimhse Trí Mhí ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2015

Mionsonraí	Líon	Luach (€)	Céatadán (%) d'iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh
Iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh sa ráithe	540	8,569,844	100%
An líon íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	515	7,399,40	86.3%
An líon íocaíochtaí a rinneadh laistigh de thréimhse idir 16 lá agus 30 lá	22	1,089,282	12.7%
An líon íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá	3	81,161	0.9%
Sonraisc faoi Dhíospóid	-	-	-
Iomlán	540	8,569,844	100.00%





Ráitis Airgeadais

- 33 Ráitis Airgeadais don tréimhse 3 Mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015
- 34 Tuarascáil na gComhaltaí Boird
- 35 Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais
- 36 Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- 37 Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim
- 38 Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach
- 39 Ráiteas faoin Staid Airgeadais
- 40 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
- 41 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Tuarascáil na gComhaltaí Boird Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015

Díscaoileadh Comhairle Spóirt na hÉireann agus Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2015 faoi théarmaí alt 30 den Acht um Spórt Éireann, 2015. De réir an Achta, aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí na Comhairle agus an Údaráis chuig Spórt Éireann.

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Ceanglaítear le halt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015, ar Spórt Éireann na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór do Spórt Éireann:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochtá sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntas a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



Kieran Mulvey
Cathaoirleach
18/5/2016



John Treacy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
18/5/2016

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais Freagracht as Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Spórt Éireann, aithním an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Príomhthimpeallacht rialaithe

Rinne Spórt Éireann bearta chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chúil rialaithe i bhfeidhm. Áirítear leo na bearta seo:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le haghaidh faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus le haghaidh a sócmhainní a chosaint;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

Chuir Spórt Éireann próisis ar bun chun rioscaí gnó a shainiú agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál agus méid na rioscaí atá os comhair an Bhoird a shainiú;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta agus ar an tionchar a bheadh acu, agus clár a thionscnamh le haghaidh na rioscaí sin a bhainistiú;
- Obair i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar spriocanna an Bhoird agus go bhfuil tacaíocht ann do straitéisí an Bhoird le haghaidh na spriocanna sin a bhaint amach.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta don lucht bainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmilgín agus cuntasachta. Áiríodh leis an gcóras na nithe seo a leanas go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe lena ghabh buiséad bliantúil a ndearna an Bord athbhreithniú agus comhaontú air;
- Tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a ndearna an Bord athbhreithniú rialta orthu agus inar cuireadh an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha;
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas.

Bonn eolais faoi obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí ba ea anailís ar na rioscaí a raibh Spórt Éireann neamhchosanta orthu, agus ullmhaíodh pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn na hanailíse sin. Cheadaigh Coiste Iniúchóireachta an Bhoird na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. Mar chuid den fheidhm sin, thug an Bord faoi iniúchtaí bliantúla ar chúig cinn ar a laghad dá eagraíochtaí is deontaithe. Thug na hIniúcháirí Inmheánacha eolas gach ráithe don Choiste Iniúchóireachta faoin ngníomhaíocht Iniúchóireachta Inmheánaí a rinneadh sa ráithe sin. Bhí an tuarascáil ag teacht le tuairim an Iniúcháirí Inmheánaigh ar leorgacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Obair an iniúcháirí inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta a rinne formhaoirseacht ar obair an iniúcháirí inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Spórt Éireann a bhfuil freagracht orthu as an gceart rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus na tuairimí a chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste in iúl ina litir chuig an lucht bainistíochta, rinne siad eolas d'fhairéachán agus athbhreithniú Spórt Éireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Athbhreithniú Bliantúil

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh sa tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann



Kieran Mulvey
Cathaoirleach
18/5/2016



John Treacy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
18/5/2016

Spórt Éireann Tuarascáil Bhliantúil 2015



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Spórt Éireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Spórt Éireann don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Spórt Éireann, 2015. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta díobh seo: an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim, an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 16 den Acht agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na méideanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha ar bith, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Spórt Éireann agus cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad,
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil Spórt Éireann chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun sainaithint a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh bunaithe ar an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh nó ar aon fhaisnéis atá neamhréireach go hábhartha leis an bhfaisnéis sin.

Má thagaim ar an eolas faoi aon mhíríteas ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Spórt Éireann amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta Spórt Éireann chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó sa chás

- gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil Spórt Éireann comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a ghnóthaigh mé le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon Spórt Éireann an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil ábhair ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
13 Nollaig 2016

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015

Ioncam	Nóta	Na 3 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015 €	Na 9 mí dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 €
Deontais ón Oireachtas	2	11,854,723	57,802,189
Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin	2	68,907	1,852,128
Acmhainní Dílse	3	125,507	564,057
Glanchistiú Pinsin Iarchurtha	10c	166,000	688,000
Ioncam Eile	4	243,116	215,479
Aistriú (chuig an)/ón gCúlchiste Caipitil	9	(7,023,586)	(12,790,537)
Ioncam Iomlán		5,434,667	48,331,316
Caiteachas			
Deontais atá Iníoctha	5	6,781,380	31,184,040
Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin	5	70,015	1,737,842
Cláir Eile	6	1,802,334	4,947,060
Riarachán	7	219,019	440,564
Costais Foirne	8	868,044	2,685,156
Costais sochar scoir	10a	144,000	626,000
Dímheas	11	813,167	3,068,176
Caiteachas Iomlán		10,697,959	44,688,838
(Easnamh)/Barrachas don Tréimhse roimh Cháin		(5,263,292)	3,642,478
Cáin	14	-	(8,705)
(Easnamh)/Barrachas don Tréimhse tar éis Cánach		(5,263,292)	3,633,773
Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 1 Deireadh Fómhair 2015		4,596,963	963,190
Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 31 Nollaig 2015		(666,329)	4,596,963

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don tréimhse le gníomhaíochtaí leantacha ag dáta an chláir chomhardaithe. Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na cailíteanais uile a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann



Kieran Mulvey
Cathaoirleach
18/5/2016



John Treacy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
18/5/2016

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015


	Nóta	Na 3 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015	Na 9 mí dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015
		€	€
(Easnamh)/Barrachas roimh leithreasuithe		(5,263,292)	3,642,478
(Cailteanas)/gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir	10b	(450,000)	401,000
Athrú sna toimhdí atá mar bhunús le luach láithreach na n-oibleagáidí sochar scoir	10b	95,000	3,473,000
Gnóthachan achtúireach iomlán sa tréimhse		(355,000)	3,874,000
Coigeartú sa chistiú iarchurtha do shochair scoir		355,000	(3,874,000)
Ioncam Cuimsitheach Eile don tréimhse		(5,263,292)	3,642,478

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:



Kieran Mulvey
Cathaoirleach
18/5/2016



John Treacy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
18/5/2016

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015


	Nóta	Amhail an 31 Nollaig 2015	Amhail an 30 Meán Fómhair 2015
		€	
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	12	105,288,944	98,265,358
Sócmhainní Airgeadais	13	1	1
Sócmhainní Seasta Iomlána		105,288,945	98,265,359
Sócmhainní Reatha			
Méideanna infhaighte	15	1,367,824	1,144,852
Airgead agus coibhéisí airgid		2,843,930	5,872,910
		4,211,754	7,017,762
Dlíteanais Reatha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Méideanna iníoctha	15	(4,878,084)	(2,420,800)
(Glandlíteanais)/Glansócmhainní Reatha		(666,330)	4,596,962
Sochair Scoir			
Oibleagáidí sochar scoir	10d	(9,555,000)	(9,048,000)
Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir	10b	9,555,000	9,048,000
Glansócmhainní Iomlána		104,622,615	102,862,321
Ionadaithe ag			
Cuntas Caipitil	9	105,288,944	98,265,358
Cúlchistí coinnithe ioncaim		(666,329)	4,596,963
		104,622,615	102,862,321

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann



Kieran Mulvey
Cathaoirleach
18/5/2016



John Treacy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
18/5/2016

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nóta	Na 3 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015	Na 9 mí dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015
Réiteach an Ghlanbharrachais Oibriúcháin			
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin		(5,263,292)	3,642,478
Cailteanas/(Gnóthachan) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		(37)	-
Dímheas	11	813,167	3,068,176
Ús Bainc a Fuarthas	4	(1,276)	(3,984)
Aistriú (ón) gCúlchiste Caipitil	9	(813,167)	(3,068,176)
(Méadú)/Laghdú i Méideanna Infhaighte	15	(222,972)	(894,037)
Méadú/(Laghdú) i Méideanna Iníoctha	16	2,457,284	758,567
Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(3,030,293)	3,503,024

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(3,030,293)	3,503,024
Torthaí ar Infheistíochtaí agus fónamh airgeadais			
Ús Bainc	4	1,276	3,984
Caiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil		(7,836,753)	(15,858,713)
Fáltais ó dhiúscairt Sócmhainní Seasta		37	-
Sreabhadh Glan Airgid ó Chaiteachas Caipitil		(7,836,716)	(15,858,713)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin			
Deontais Chaipitil		7,836,753	15,858,713
Sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		7,836,753	15,858,713
(Laghdú)/Méadú in Airgead		(3,028,980)	3,507,008
Gluaiseacht i nglanchistí don tréimhse			
Airgead sa Bhanc ag an 1 Deireadh Fómhair		(3,028,980)	3,507,008
Airgead sa Bhanc ag an 31 Nollaig		5,872,910	2,365,902
		2,843,930	5,872,910

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015

1. Beartais Chuntasáiochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha cuntasaíochta arna nglacadh ag Spórt Éireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad uile ar fud na tréimhse.

a) Faisnéis Ghinearálta

Foráladh leis an Acht um Spórt Éireann, 2015, do Chomhairle Spóirt na hÉireann agus Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt a dhíscaoileadh agus do Spórt Éireann a bhunú. Aistríodh na feidhmeanna, na hoibríochtaí, na sócmhainní agus na dliteanais uile de chuid Chomhairle Spóirt na hÉireann agus Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt chuig Spórt Éireann ar bhonn gnóthais leantaigh. Tá mionsonraí i Nóta 21 faoi na glansócmhainní a aistríodh agus tá faisnéis chomparáideach ann maidir leis an Ráiteas comhcheangailte faoi Ioncam agus Caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim.

Is mar seo a leanas atá príomhchuspóirí Spórt Éireann, faoi mar a leagtar amach i gCuid II den Acht um Spórt Éireann, 2015:

- cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spórt iomaíoch, a spreagadh,
- straitéisí a fhorbairt le haghaidh an rannpháirtíochta sa spórt áineasa a mhéadú agus comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéisí sin ag na comhlachtaí uile (lena n-áirítear údarais phoiblí agus comhlachtaí a fhaigheann cistiú poiblí) a bhfuil baint acu leis an spórt áineasa a chur chun cinn agus le saoráidí áineasa a sholáthar,
- caighdeán dea-iompair agus cothrom na Féinne sa spórt iomaíoch agus sa spórt áineasa a éascú trí threoirilínte agus cóid chleachtais a fhógairt,
- tabhairt faoi cibé gníomhaíocht is cuí leis, lena n-áirítear tástáil, chun dópáil sa spórt a chomhrac,
- nuair ba chúil leis an gComhairle déanamh amhlaidh, taighde thionscnamh agus a spreagadh maidir leis an spórt iomaíoch nó maidir leis an spórt áineasa, nó maidir leis an dá cheann díobh,
- nuair ba chúil leis an gComhairle déanamh amhlaidh, taighde a éascú agus faisnéis a scaipeadh maidir leis an spórt iomaíoch nó an spórt áineasa, nó maidir leis an dá cheann díobh.
- campas spórt a fhorbairt ar an láithreán
- an campas spórt a fhearastú agus a threallmhú le cibé gléasra, innealra, trealamh agus fearas is cuí leis
- an campas spórt a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil
- spreagadh agus cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid an champais spórt ag daoine a ghlacann páirt sa spórt ar leibhéal gairmiúil agus ar leibhéal amaitéarach agus ag daoine den phobal i gcoitinne

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Spórt Éireann.

b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Spórt Éireann don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Is é seo an chéad tacar de ráitis airgeadais Spórt Éireann.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear de réir luach cóir, mar atá mínithe sna beartais cuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt í le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Spórt Éireann, 2015. Cuireadh na beartais cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a measadh a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Spórt Éireann.

d) Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Tá NSCDA (Operations) Limited faoi lánúinéireacht Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt agus déanann an chuideachta na saoráidí ar an gcampas spórt a oibriú agus a chothabháil. De réir na díolúine a bhforáiltear di faoi alt 297 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, níor ullmhaigh an tÚdarás aon ráitis airgeadais chomhdhlúite. Cuirtear ráitis airgeadais NSCDA (Operations) Limited i láthair ar leithligh. Tá tuilleadh faisnéise faoin bhfochuideachta tugtha i Nóta 13 leis na ráitis airgeadais.

e) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe, ach amháin i gcás Deontais ón Oireachtas, a aithnítear ar bhonn fáiltas airgid.

Aisíocaíochtaí na ndeontas a íocadh

Bíonn deontais a íocadh in-aisíochta in imthosca áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta is faighteoir, nó i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is dócha go bhfaighidh Spórt Éireann an t-airgead agus nuair is féidir an méid a mheas go cruinn. Dá bhri sin, tugtar cuntas orthu ar bhonn fabhrúithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

Ioncam úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhrúithe.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaítear Gléasra agus Trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar dímheas ar an ngléasra agus an trealamh ar fad, ag rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne, lúide a luach iarmharach measta, a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré fhónta mheasta mar seo a leanas:

An Campas Náisiúnta Spórt agus Saoráidí an Champais	2%-3.33%	in aghaidh na bliana
Bonneagar, Máistirphleanáil agus Dearadh	15%-33.3%	in aghaidh na bliana
Talamh agus Foirgnimh	2%-3.33%	in aghaidh na bliana
Feistiú Oifige/Daingneáin/Ríomhairí/Trealamh	10%-33%	in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	20%	in aghaidh na bliana

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa riocht lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach aon sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

g) Sócmhainní airgeadais

Sócmhainní Airgeadais Eile

Tá NSCDA (Operations) Limited faoi lánúinéireacht Spórt Éireann agus léiríonn a scairchaipiteal gnáthscair amháin dar parluch Euro amháin. Déanann NSCDA (Operations) Limited na saoráidí ar an gcampas spórt a oibriú agus a chothabháil. De réir na ndíolúintí atá ar fáil faoi alt 9 de FRS 102, níor ullmhaigh Spórt Éireann aon ráitis airgeadais chomhdhlúite. Cuirtear ráitis airgeadais NSCDA (Operations) Limited i láthair ar leithligh. Tá tuilleadh faisnéise faoin bhfochuideachta tugtha i Nóta 14 leis na ráitis airgeadais.

h) Méideanna infhaighte

Aithnítear méideanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Soláthar sonrath is ea an soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Spórt Éireann in ann na méideanna go léir atá dlite ó a bhailí. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa, cé is moite de chásanna ina bhfuil méaduithe cíosa ceangailte leis an ráta ionchais boilscithe. Sa chás sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear thar thréimhse an léasa aon dreasachtaí léasa a fhaightear.

j) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amháil pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhrúithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Méideanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Feidhmíonn Spórt Éireann scéim pinsean sochair shainithe. Cistítear an scéim gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó airgead a fhaightear ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastal na mball foirne agus na mball. Feidhmíonn Spórt Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") freisin. Is scéim sochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Níl aon bhaill den Scéim Aonair Nua ann. Aistríodh iarbhaill foirne Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt chuig scéim pinsean sochair shainithe Spórt Éireann.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin ón bhfoireann. Cuirtear na ranníocaíochtaí sin ar aghaidh chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid atá sé in-aisghafa, agus fritháirítear an méid le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghafa ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

Léirítear sna ráitis airgeadais, de réir luach cóir, na sócmhainní agus dliteanas a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Spórt Éireann agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanas na scéime sochar scoir, agus modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa á úsáid.

k) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncain agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Bearnú Gléasra agus Treailaimh

Sócmhainní atá faoi réir amúchadh, déantar iad a athbhreithniú le haghaidh bearnú nuair a léirítear in eachtraí nó in athruithe ar chúinsí go bhféadfadh nach mbeifí in ann an méid glanluacha a aisghabháil. Aithnítear cailteanas bearnaithe de réir na difríochta idir méid glanluacha na sócmhainne agus méid in-aisghafa na sócmhainne, fad is mó an méid glanluacha ná an méid in-aisghafa. Is é an méid in-aisghafa an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. D'fhonn bearnú a mheasúnú, rangáitear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Sócmhainní neamhairgeadais a ndearnadh bearnú orthu, athbhreithnítear iad le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Soláthairtí

Déanann Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt soláthairtí le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith amuigh ag dáta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha de ghnáth bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, agus iad coigeartaithe le haghaidh treochtaí le déanaí, nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais a bhfuil seans ann nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh an toradh iarbhir difriúil go mór leis an toradh a measadh.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Bord athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Oibleagáid Sochar Scoir

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortláíochta agus rátaí treochta i gcostais chúram sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir go ndéanfaidh na nithe seo difear do na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáide ar ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

2. Deontais ón Oireachtas

Mar atá leagtha amach i mBeartas Cuntasaíochta (d), aithnítear deontais ón Oireachtas mar ioncam ar bhonn mhéid an airgid a fhaightear. Is comhdhéanta díobh seo a leanas atá na Deontais ón Oireachtas a fuair Spórt Éireann ó Vóta 31 – An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar a léirítear sna ráitis airgeadais:

	Fo-mhírcheann	Na 3 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2015	Na 9 mí dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015
	Vóta 31	€	€
Deontas Athfhillteach	D.5	3,290,298	41,467,702
Lúide Asbhaintí Pinsin Fostaithe atá In-aisíochta		(22,000)	(62,000)
Deontas le haghaidh Caiteachas Reatha		3,268,298	41,405,702
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		-	154,320
An Roinn Sláinte		-	100,000
Deontais le haghaidh Caiteachas Caipitil	D.5	8,586,425	16,142,167
		11,854,723	57,802,189
Ciste na gCuntas Díomhaoin:			
Deontais le haghaidh caiteachas reatha	D.6	68,907	1,429,619
Deontais le haghaidh caiteachas caipitil	D.6	-	422,509
		68,907	1,852,128

Cuimsíonn deontais ón Oireachtas méideanna a soláthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad i leith na tréimhse agus léiríonn siad an deontas a íoctar le Spórt Éireann. Baintear úsáid as an deontas sin le haghaidh pá, riarachán ginearálta, costais chlár agus deontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. B'ionann agus €3.29m méid an deontais a fuarthas agus cuirtear ar áireamh é sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Níor iarchuireadh aon deontais. Chloígh an Bord le téarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse leis an Roinn. Tá córais imleora rialaithe airgeadais i bhfeidhm ag an mBord chun deontais a fhaightear ón Roinn a bhainistiú.

